Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11168 – WARBURG PINCUS / ADVENT INTERNATIONAL / BAXTER PHARMACEUTICAL SOLUTIONS AND BAXTER ONCOLOGY)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 272/05)

1. An 25 Iúil 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Warburg Pincus LLC agus cistí cleamhnaithe ('Warburg Pincus', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Advent International Corporation agus cistí cleamhnaithe ('Advent', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Baxter Pharmaceutical Solutions LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá) agus Baxter Oncology GmbH (an Ghearmáin) ('BPS').

Gheobhaidh Warburg Pincus agus Advent rialú comhpháirteach ar BPS ina iomláine de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais domhanda príobháideach é Warburg Pincus. Tá a chuid cuideachtaí punainne gníomhach in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear fuinneamh, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte agus seirbhísí tomhaltóirí, tionsclaíocha agus gnó, agus teicneolaíocht, na meáin agus teileachumarsáid,

— Is infheisteoir cothromais phríobháidigh é Advent a dhíríonn ar bhunanna cothromais a fháil agus ar chistí infheistíochta a bhainistiú in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear cúram sláinte, tionsclaíoch, teicneolaíocht, miondíol, tomhaltóirí agus fóillíocht, agus seirbhísí gnó agus airgeadais,

— Is é BPS gnó forbartha agus déantúsaíochta conartha cógaisíochta domhanda Baxter International Inc.. Soláthraíonn sé Seirbhísí Forbartha Conarthaí agus Eagraithe Déantúsaíochta do Finished Dose Pharmaceuticals.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11168 – WARBURG PINCUS / ADVENT INTERNATIONAL / BAXTER PHARMACEUTICAL SOLUTIONS AND BAXTER ONCOLOGY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË